Nótaí Treorach:

Tá dualgas reachtúil ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) faoin Acht um Chúram Leanaí 1991 leas agus cosaint leanaí a chur chun cinn. Tá sé de dhualgas ar Túslá dá bhrí sin, eolas a fháil faoi aon pháiste nach bhfuil cúram sásúil agus/ nó cumhdach á fháil aige/aici.

Is do na daoine seo atá an fhoirm thuairiscthe:

- Aon ghairmí, duine nó grúpa a bhfuil baint acu le seirbhísí do pháistí, ina measc pearsanra FnaSS agus Tusla a fhaigheann eolas maidir le himní um chosaint nó leas leanaí, nó a fhaigheann Tuairisc faoi imní maidir le cosaint nó leas leanaí.
- Gairmithe nó daoine aonaracha a bhfuil baint acu le seirbhísí cúram leanaí a chur ar fáil sa bpobal agus a bhfuil conarthaí seirbhíse acu ó FnaSS nó Túslá
- Daoine Teagmhála Ainmnithe i ngníomhaireachtaí deonacha nó pobail.

Cuir an oiread eolais agus sonraí ar an bhfoirm agus atá ar eolas agat. Cabhróidh sé seo le Rannóg na hOibre Sóisialta chun an méid contúirt ina bhfuil an páiste ann nó na seirbhísí tacaíochta atá ag teastáil, a mheas. Mura bhfuil an t-eolas a hiarradh ar eolas agat, cuir é seo in iúl trí line a tharraingt tríd an cheist. Is dócha go ndéanfaí oibrí sóisialta teagmháil leat chun an Tuairisc a phlé.

Tá sé mar aidhm ag Tusla oibriú i gcomhpháirtíocht leis na tuismitheoirí. Má tá tú ag déanamh na Tuairisce seo faoi rún, ba chóir duit a thuiscint nach féidir le Tusla aon bharántas a thabhairt go gcoinneofar faoi rún docht é ar an ábhar a leanas:

- D'fhéadfadh Cúirt ordú a thabhairt maidir le nochtadh an eolais.
- D'fhéadfadh an Coimisninéir um Shaoráil Faisnéise ordú a thabhairt faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise go gcaithfear an t-eolas a ncohtadh.

Ba chóir duit a thuiscint freisin má dhéanann tú tuairisc bona fide go bhfuil cosaint agat faoin **Acht um** Chosaintí **do Dhaoine** a Thuairisceoidh Drochúsáid **Leanaí**, 1998

Mura bhfuil tú cinnte pé acu ar chóir duit d'imní a thuairisciú nó nár chóir, cuir glaoch ar oibrí sóisialta ar dualgas Thúsla agus plégh d'imní leo(féach http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker/ l haghaidh sonraí teagmhála áitiúla).

Tá leagan MSWord den bhFoirm Thuairiscithe Chaighdeánach le fáil ar http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/children-first.